Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 8 Meitheamh 2023**
**(OR. en)**

**10249/23**

**ENFOPOL 269**
**ENFOCUSTOM 66**
**COSI 106**
**CULT 71**
**JAI 789**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 8 Meitheamh 2023 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9387/23 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir leis an ngáinneáil ar earraí cultúir a chomhrac<br>– Conclúidí ón gComhairle (an 8 Meitheamh 2023) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san iarscríbhinn a ghabhann leis seo na Conclúidí ón gComhairle maidir leis an ngáinneáil ar earraí cultúir a chomhrac, a d'fhormheas an Chomhairle (Ceartas agus Gnóthaí Baile) ag an 3995ú cruinniú a bhí aici an 8 Meitheamh 2023.

**CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an ngáinneáil ar earraí cultúir a chomhrac**

**DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID A LEANAS,**

**Á MHEABHRÚ DI** Straitéis an Aontais Eorpaigh um an Aontas Slándála 2020-2025[1] agus Straitéis an Aontais chun dul i ngleic leis an gCoireacht Eagraithe 2021-2025[2],

**Á MHEABHRÚ DI** na Conclúidí ón gComhairle maidir le Cur Chuige an Aontais Eorpaigh i leith na hOidhreachta Cultúrtha i gcoinbhleachtaí agus i ngéarchéimeanna[3], mar a glacadh iad in 2021,

**AG FÉACHAINT DO** Rúin 2253, 2199, 2462 agus 2347 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, ina dtugtar le fios gur cúis mhór imní dóibh go ngineann eagraíochtaí sceimhlitheoireachta ioncam ó gháinneáil ar earraí cultúir, agus ar Rún 2018 ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe maidir le maoin chultúir a thabhairt ar ais nó a aiseag do na tíortha tionscnaimh,

**AG FÉACHAINT DON** rún ó Pharlaimint na hEorpa an 17 Eanáir 2019 maidir le héilimh trasteorann ar aiseag saothar ealaíne agus earraí cultúir a chreachadh i gcoinbhleachtaí armtha agus i gcogaí,

**AG FÁILTIÚ ROIMH** an Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le Plean Gníomhaíochta an Aontais i gcoinne na Gáinneála ar Earraí Cultúir[4], ar céim thábhachtach í i gcomhrac an fheiniméin sin agus ar mian leis na Ballstáit tuilleadh forbartha a dhéanamh ina leith,

---

[1] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, agus chuig Coiste na Réigiún maidir le Straitéis an Aontais Eorpaigh um an Aontas Slándála, COM/2020/605 final.

[2] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le straitéis an Aontais chun dul i ngleic leis an gCoireacht Eagraithe 2021-2025, COM/2021/170 final.

[3] 9837/21.

[4] 16107/22.

**AG AITHINT DI** gur gnó brabúsach í an gháinneáil ar earraí cultúir don choireacht eagraithe agus go bhfuil tionchar tubaisteach do-aisiompaithe aici ar an oidhreacht chultúir laistigh den Aontas agus lasmuigh de, agus, dá bhrí sin, go bhfuil gá le freagairt shaincheaptha ar leibhéal an Aontais,

**AG CUR I bhFIOS GO LÁIDIR DI** an gá atá lenár bhfreagairt a eagrú le go bhféadfaidh rannpháirtithe sa mhargadh agus institiúidí oidhreachta cultúir an choireacht a chosc agus a bhrath ar bhealach níos fearr, le gur láidre forfheidhmiú an dlí agus na cumais bhreithiúnacha, le gur fearr an comhar idirnáisiúnta agus an tacaíocht do na príomhpháirtithe leasmhara eile, mar a mhol an Coimisiún sa Phlean Gníomhaíochta,

***<u>Gáinneáil a dhéanann rannpháirtithe sa mhargadh agus institiúidí oidhreachta cultúir ar earraí cultúir a chosc agus a bhrath</u>***

**I bhFIANAISE** rannpháirtithe i margadh na n-earraí cultúir, bailitheoirí agus institiúidí oidhreachta cultúir a bheith in ann cuidiú le coireanna a bhaineann le hearraí cultúir a chosc agus a bhrath, agus gur gá dóibh, dá bhrí sin, a bheith ar an eolas faoin reachtaíocht is infheidhme agus faoi uirlisí neamhreachtacha eile darb aidhm na coireanna sin a chosc agus a bhrath,

**Á CHUR SAN ÁIREAMH DI** go bhfuil ról tábhachtach ag reachtaíocht trádála an Aontais maidir le gáinneáil ar earraí cultúir a chosc agus a bhrath ós rud é gur de chineál trasteorann í de ghnáth,

**Á THABHAIRT DÁ hAIRE DI ÁFACH** go bhféadfadh éagsúlacht mhór a bheith ann ó thaobh grinnscrúdú agus rialú ar thrádáil earraí cultúir laistigh den mhargadh aonair féin, áit ar cheart an inrianaitheacht a fheabhsú,

**Á CHUR I bhFIOS DI GO LÁIDIR** gur gá d’úinéirí nó do bhainisteoirí bailiúchán poiblí agus príobháideach bearta deonacha a dhéanamh chun iad féin a chosaint ar bhealach níos fearr ar choireanna maoine, trína mbailiúcháin a chatalógú go críochnúil leis na huirlisí cuí, mar shampla, 'Object-ID' Chomhairle Idirnáisiúnta na Músaem (ICOM), agus trí thuairisciú níos fearr a dhéanamh ar choireanna maoine ionas go mbeidh maoin chultúir goidte le feiceáil go tapa agus cur síos mionsonraithe uirthi sna bunachair sonraí náisiúnta d'ealaíon a goideadh agus i mBunachar Sonraí Interpol le haghaidh Saothair Ealaíne a Goideadh,

**Á MHEABHRÚ DI** a ríthábhachtaí atá sé imscrúdú a dhéanamh ar na líonraí coiriúla agus ar na sreafaí aindleathacha airgid i ndáil le cásanna gáinneála ar leith agus a thuiscint gur féidir le coirpigh, fiú amháin, earraí cultúir a fhaightear go dleathach a mhí-úsáid ar mhaithe le coireanna, mar shampla, sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta,

***<u>Inniúlachtaí na n-oifigeach forfheidhmithe dlí agus na mbreithiúna a neartú</u>***

**AGUS AIRD Á TARRAINGT AICI** ar an gcaoi nach léiriú sásúil atá sa léargas faisnéise atá ar fáil faoi láthair ar leitheadúlacht ná ar scóip na gáinneála ar earraí cultúir,

**AGUS I bhFIANAISE** gur gá d'údaráis phoiblí tuiscint leordhóthanach a bheith acu ar *modus operandi* na gcoirpeach, faisnéis a chomhroinnt, a bheith ar an eolas faoi cheanglais maidir le comhar laistigh de ghníomhaireachtaí agus idir gníomhaireachtaí freisin, agus uirlisí sonracha a bheith acu, lena n-áirítear teicneolaíochtaí nua-aimseartha, mar shampla, bogearraí chun sreafaí neamhdhleathacha maoine cultúir a chlárú agus a bhrath, nó crua-earraí faireachais chun láithreáin thábhachtacha a chosaint,

**Á MHEABHRÚ DI** gur gá malartuithe agus comhar níos fearr idir na húdaráis náisiúnta speisialaithe a bhíonn ag déileáil leis an gcineál coireachta sin,

**Á CHUR SAN ÁIREAMH DI** go mbaineann lucht gáinneála earraí cultúir leas as coiriúlú míchothrom na gcionta ábhartha ar fud an Aontais,

***<u>Dlús a chur leis an gcomhar idirnáisiúnta agus tacaíocht ó na páirtithe leasmhara a uasmhéadú</u>***

**I bhFIANAISE** luach na hoidhreachta cultúir don tsochaí agus a leochailí atá sí i leith díobháil choiriúil i réigiúin choinbhleachta agus ghéarchéime,

**Á CHUR I bhFIOS GO LÁIDIR DI** gur gá an oidhreacht chultúir a chosaint i limistéir choinbhleachta, go háirithe san Úcráin faoi láthair, mar ar gá gníomhaíocht bhreise chun oidhreacht chultúir na hÚcráine a chosaint i gcomhthéacs chogadh foghach na Rúise,

**I bhFIANAISE** a laghad feasachta atá ag an bpobal ar an dochar a d'fhéadfadh an gháinneáil ar earraí cultúir a dhéanamh,

**FÁILTÍONN SÍ ROIMH PHLEAN GNÍOMHAÍOCHTA AN CHOIMISIÚIN AGUS IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN NA GNÍOMHAÍOCHTAÍ SEO A LEANAS A SHEOLADH:**

1. Idirphlé a thionscnamh laistigh den margadh ealaíne, i ndlúthchomhar le UNESCO, maidir leis na saincheisteanna a bhaineann le cosaint agus trádáil na n-earraí cultúir sa mhargadh aonair, lena n-áirítear Imeacht Ardleibhéil in 2023;

2. An córas leictreonach chun earraí cultúir a allmhairiú san Aontas ('córas ICG') a fhorbairt agus a bhunú agus é a leathnú le go mbeidh sé in ann onnmhairiú earraí cultúir a láimhseáil freisin, bunaithe ar chonclúidí an staidéir indéantachta a rinneadh;

3. Leanúint de mhaoiniú a chur ar fáil le go ndéanfaí réitigh a fhorbairt le gur fhearr a bheifear in ann earraí cultúir a rianú agus a bhrath, treoir a eisiúint do na Ballstáit maidir le cláir dhíolacháin a bhunú (lena gcumhdaítear díolacháin ar líne freisin), ina mbeidh faisnéis mhionsonraithe faoin díoltóir agus faoin gceannaitheoir, agus faoin réad cultúir atá ar díol, agus oibleagáid a mholadh, d'aon duine a bhíonn ag díol nó ag ceannach earraí cultúir laistigh de na Ballstáit, taifead a choinneáil ar idirbhearta a bhaineann le hearraí cultúir. Ba cheart go bhféachfaí ar mhódúlachtaí nithiúla sa staidéar féidearthachta a dhéanfar amach anseo.

4. Féachaint an bhféadfaí bearta a thabhairt isteach le haghaidh comhchuibhiú agus idirnascadh a dhéanamh ar fud an Aontais ar bhunachair sonraí na mBallstát maidir le hearraí cultúir a goideadh – lena mbeadh nasc le Bunachar Sonraí Saothair Ealaíne a Goideadh Interpol agus le bunachair sonraí ábhartha eile;

5. Comhoibriú le ICOM chun Cód Eitice ICOM do Mhúsaeim a chur chun cinn, acmhainneachtaí a fheabhsú agus oiliúint a chur ar fáil do bhaill foirne músaem agus institiúidí oidhreachta cultúir i roinnt Ballstát, chun a gcuid bailiúcháin a thaifeadadh agus a chosaint ar bhealach níos fearr;

6. Catagóirí níos aonfhoirmeacha a shainaithint agus a éascú le haghaidh bailiú sonraí le tacaíocht ó Europol, rud a d'fhágfadh go bhféadfaí bailiú sonraí uile-Aontais a dhéanamh trí EUROSTAT amach anseo;

7. Gáinneáil ar earraí cultúir a chur leis an gcúrsa ionduchtúcháin d'oifigigh bhuanchóir Frontex chun coireanna trasteorann a bhrath;

8. Measúnú a dhéanamh ar na huirlisí dhigiteacha imscrúdaithe atá ann (lena n-áirítear iad siúd arna gcistiú ag an gCoimisiún) agus rochtain na mBallstát orthu sin a chothú, agus iarraidh ar an mBord Eorpach Imréitigh a mheas an an bhféadfadh Saotharlann Nuálaíochta Europol agus tionscnaimh eile sa réimse sin tacú leis sin;

9. Mapáil a dhéanamh ar reachtaíocht náisiúnta na mBallstát lena gcoiriúlaítear an gháinneáil aindleathach ar mhaoin chultúir agus lena gcuirtear Coinbhinsiún Nicosia chun feidhme;

10. Cur leis an tacaíocht chun earraí cultúir na hÚcráine a chosaint ó scrios, goid agus onnmhairiú aindleathach trí thacú le clárú agus, arna iarraidh sin, aslonnú agus cosaint fhisiciúil na mbailiúchán;

11. Cur le cumas tríú tíortha ó thaobh a bheith páirteach i gcomhar trasteorann agus in imscrúduithe ar sciúradh airgid a bhaineann le hearraí cultúir, go háirithe trí raon feidhme Shaoráid Dhomhanda an Aontais maidir le Frithsciúradh Airgid a leathnú chun an Áise agus Meiriceá Laidineach a chlúdach;

12. Tacaíocht airgeadais a sholáthar do ICOM, chun Faireachlann ICOM a uasghrádú, áit a láraítear agus a scaiptear faisnéis agus acmhainní don tuiscint phoiblí idirnáisiúnta agus mar threoir bheartais chun earraí cultúir a chosaint;

13. Tacú le UNESCO chun lámhleabhar a chruthú d'iriseoirí maidir le tuairisciú ar choireanna a bhaineann leis an oidhreacht chultúir;

14. Tacú le tionscnaimh rannpháirtíochta óige tríd an gclár Eoraip na Cruthaitheachta, trí Chór Dlúthpháirtíochta an Aontais, agus tríd an gclár Erasmus+;

**IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT:**

15. Feasacht a ardú chun a áirithiú go ndéanfaidh bailiúcháin phoiblí agus phríobháideacha fardal ar a sealúchais agus go gcláróidh siad iad i mbunachair sonraí ábhartha agus go dtuairisceoidh siad cásanna coireachta maoine do lucht forfheidhmithe dlí, le cabhair ó chaighdeáin agus ó uirlisí a comhaontaíodh go hidirnáisiúnta (mar shampla an caighdeán 'Object ID', caighdeáin i gcomhair leabharlanna agus cartlanna, agus Bunachar Sonraí Saothair Ealaíne a Goideadh Interpol);

16. I gcás nach ann dóibh cheana féin, féachaint an bhféadfaí bunachair sonraí náisiúnta thiomnaithe d'earraí cultúir a goideadh a bhunú agus a bhainistiú, agus iad sin atá ann cheana a fheabhsú agus féachaint an bhféadfaí idirnascadh a dhéanamh le bunachar sonraí Saothair Ealaíne a Goideadh Interpol;

17. Earraí cultúir a goideadh a thuairisciú do Interpol trína bhunachar sonraí Saothar Ealaíne a Goideadh agus faisnéis faoi chásanna gáinneála ar earraí cultúir a roinnt le Europol, Interpol agus le húdaráis inniúla eile chun feabhas a chur ar an bpictiúr faisnéise;

18. Comhar éifeachtach agus comhroinnt faisnéise a neartú i measc na húdaráis inniúla agus na húdaráis chustaim, lena n-áirítear tríd an Eagraíocht Dhomhanda Custaim, agus leis an gCoimisiún[5] tríd an gCóras Faisnéise Custaim chun calaois agus coireanna eile a bhaineann le hearraí cultúir a chomhrac;

19. Na rioscaí a bhaineann leis an ngáinneáil ar earraí cultúir i gcomhthéacs sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a shainaithint, a mheasúnú agus a thuiscint mar chuid dá measúnú riosca náisiúnta faoin reachtaíocht maidir leis an sciúradh airgid a chosc, agus bearta oiriúnacha a dhéanamh chun na rioscaí sin a mhaolú;

20. Feasacht a spreagadh agus treoir a thabhairt don earnáil phríobháideach maidir leis an mbealach is fearr lena n-oibleagáidí a chomhlíonadh chun sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc i gcomhar leis na húdaráis inniúla;

---

5 Féach Rialachán (CE) Uimh. 515/97 ón gComhairle an 13 Márta 1997 maidir le cúnamh frithpháirteach idir údaráis riaracháin na mBallstát agus maidir le comhar idir na Ballstáit agus an Coimisiún chun a áirithiú go gcuirtear an dlí i bhfeidhm i gceart maidir le hábhair chustaim agus ábhair thalmhaíochta (IO L 082, 22.3.1997, lgh. 1-16).

21. Feabhas a chur ar an gcomhar idir na heintitis faoi oibleagáid sa mhargadh ealaíne agus seaniarsmaí, san earnáil airgeadais agus sna hAonaid Faisnéise Airgeadais agus na húdaráis speisialaithe forfheidhmithe dlí, lena bhféadfaí údaráis chustaim agus údaráis atá inniúil i gcomhrac na gáinneála ar earraí cultúir a áireamh trí eolas agus oiliúint a roinnt maidir le rioscaí agus cineálacha gníomhaíochtaí neamhdhleathacha a bhaineann le hearraí cultúir, agus na féidearthachtaí comhair idir eintitis phoiblí agus eintitis phríobháideacha á gcur san áireamh agus trí fhéachaint le córas foláirimh tiomnaithe nó próifílí riosca tiomnaithe a chruthú nuair a bhíonn earraí cultúir ina gcuid d'idirbhearta airgeadais, de gheill, d'iasachtaí nó de bhannaí;

22. Féachaint le hurramú oibleagáid an díchill chuí agus trédhearcacht idirbheart a spreagadh i gcomhréir le Cód Idirnáisiúnta Eitice UNESCO do Dhéileálaithe Maoine Cultúir agus le Cód Eitice ICOM le haghaidh Músaem;

23. Acmhainneacht EMPACT a uasmhéadú maidir le cásanna gáinneála ar earraí cultúir, lena n-áirítear imscrúduithe ar na líonraí coiriúla agus ar na sreafaí airgid aindleathacha a bhaineann leo;

24. Leas iomlán a bhaint as tacaíocht agus saineolas Europol maidir le forfheidhmiú an dlí trasteorann agus maidir leis an gcomhar breithiúnach;

25. Fothú acmhainneacht sásúil a dhéanamh, má mheastar gur gá sin, i ndáil leis na húdaráis náisiúnta um fhorghníomhú an dlí agus na húdaráis bhreithiúnacha, mar shampla trí aonaid speisialaithe forfheidhmithe dlí agus trí shainghrúpaí ionchúisitheoirí a bhunú agus a oiliúint, agus trí bhunoiliúint a sholáthar do na póilíní, do na hoifigigh chustaim agus gardaí teorann atá páirteach i ngnáthsheiceálacha;

26. Meabhráin tuisceana a thabhairt i gcrích idir na húdaráis forfheidhmithe dlí ábhartha agus na hinstitiúidí oidhreachta cultúir ábhartha chun a áirithiú go ndéanfar earraí cultúir arna n-urghabháil nó arna gcoigistiú a láimhseáil agus a stóráil ar bhealach sásúil;

27. Féachaint an bhféadfaí Coinbhinsiún na Niocóise Chomhairle na hEorpa maidir le ‘Cionta a bhaineann le Maoin Chultúir’ a shíniú, a dhaingniú agus a chur chun feidhme, nó a phrionsabail a chur chun feidhme i gcás ina meastar é sin a bheith níos iomchuí;

28. Féachaint an bhféadfaí Coinbhinsiún UNESCO 1970 maidir le Modhanna chun Allmhairiú, Onnmhairiú agus Aistriú Aindleathach Úinéireachta Maoine Cultúir a Thoirmeasc agus a Chosc agus Coinbhinsiún UNIDROIT 1995 maidir le Réada Cultúir a Goideadh nó a Onnmhairíodh go Neamhdhleathach a shíniú agus a dhaingniú;

29. Féachaint an bhféadfaí bearta a thabhairt isteach chun réad a goideadh a thabhairt ar ais don úinéir dleathach d'ainneoin reacht na dtréimhsí maidir le dliteanas coiriúil;

**MOLANN SÍ DO NA BALLSTÁIT, I gCOMHAR LEIS AN gCOIMISIÚN, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:**

30. Tacú le treisiú agus leanúnachas an líonra EU CULTNET, chun leas iomlán a bhaint as a acmhainneacht, lena n-áirítear trí fhoireann iomchuí a thabhairt ar iasacht le go bhféadfaí pointe teagmhála EU CULTNET a chruthú in Europol chun gníomhaíochtaí comhpháirteacha a chomhordú, idirchaidreamh a dhéanamh le gníomhaithe idirnáisiúnta agus rannchuidiú leis an obair oibríochtúil agus straitéiseach i gcomhrac na gáinneála ar earraí cultúir, agus trí bhearta comhchoiteanna a fhorbairt, mar shampla mear-rochtain lucht forfheidhmithe dlí ar an saineolas riachtanach ó sheandálaithe nó ó ghairmithe oidhreachta cultúir a fheabhsú; ba cheart maoiniú fadtéarmach an phointe teagmhála a bheartú;

31. Leanúint de chur chun feidhme na gConclúidí ón gComhairle maidir le Cur Chuige an Aontais i leith na hOidhreachta Cultúrtha i gcoinbhleachtaí agus i ngéarchéimeanna[6] agus leanúint d’fhaireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn atá á dhéanamh;

32. An Rún ón gComhairle maidir le Plean Oibre an Aontais Eorpaigh don Chultúr 2023-2026 a chur chun feidhme trí thacú le malartú faisnéise idir gairmithe oidhreachta cultúir agus údaráis a bhfuil inniúlacht acu i gcomhrac na gáinneála ar earraí cultúir trí shraith ceardlann agus gníomhaíochtaí piarfhoghlama;

[6] 9837/21

33. Líonra gairmithe agus seandálaithe oidhreachta cultúir a bhunú a bheidh in ann saineolas a chur ar fáil chun cabhrú le himscrúduithe coiriúla agus leas a bhaint as an gcomhordú a dhéanfaidh pointe teagmhála EU CULTNET ag Europol; agus rannpháirtíocht, i gcás inarb ábhartha, i gcreat EMPACT. Iarrtar ar an gCoimisiún tacú leis an líonra de réir mar is iomchuí;

34. Féachaint an bhféadfaí inneall cuardaigh sonrach a chruthú chun gáinneáil ar earraí cultúir a bhrath, nó an bhféadfaí acmhainneachtaí/bunachair shonraí TF atá ann cheana a chomhcheangal, i gcomhar le Saotharlann Nuálaíochta Europol, tar éis tuairim dhearfach a fháil ó Bhord Eorpach Imréitigh na Saotharlainne Nuálaíochta, chun ionstraim chuimsitheach TF a bhunú chun anailís a dhéanamh ar réada cultúir a cuireadh ar an margadh;

35. Agus aird chuí á tabhairt ar an obair leanúnach sa réimse sin, féachaint an ról a d'fhéadfadh a bheith ag licíní neamh-idirmhalartacha (NFT) i gcomhrac na gáinneála ar earraí cultúir, go háirithe maidir le hidirbhearta a bhaineann le saothair ealaíne dhigiteacha;

36. Cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí sna Conclúidí seo ón gComhairle a mheas agus obair leantach a dhéanamh ina leith cúig bliana tar éis a nglactha.

---